



## Seachtain na Scoileanna Caitliceacha 2025 a Cheiliúradh sa Pharóiste

Beidh Seachtain na Scoileanna Caitliceacha 2025 á ceiliúradh ón Domhnach, 19 Eanáir, go dtí an Satharn, 25 Eanáir, leis an téama *Scoileanna Caitliceacha: Beo i gCríost*. Guímid ar a son agus tacaímid leis na scoileanna áitiúla ionas gur féidir linne ar fad a bheith beo beathach dóchasach lena chéile i gCríost mar aon phobal amháin. Cuireann Íosa Críost glao orainn mar phobal beo an dóchais, ionas gur féidir leis na scoileanna, na teaghlaigh, agus an paróiste leathan, spreagadh agus tacaíocht a thabhairt dá chéile.

Is cuid lárnach bhunúsach de shaol an pharóiste áitiúil iad na scoileanna agus freastalaíonn an dá dhream ar a chéile. Tá sé ríthábhachtach an nasc beo atá ann idir na scoileanna agus an paróiste a aithint agus a cheiliúradh i rith Sheachtain na Scoileanna Caitliceacha, nuair a chuirtear deis ar fáil dúinn guí ar son a chéile agus lena chéile. Tá moltaí tugtha thíos maidir leis na bealaí ina bhféadfaí ceiliúradh a dhéanamh sa pharóiste i rith Sheachtain na Scoileanna Caitliceacha.

### Ceiliúradh na hEocairiste, An Domhnach 19 Eanáir (An Dara Domhnach Saor)

Is féidir le grúpa liotúirgeach an pharóiste, nó ionadaí ainmnithe ón bparóiste dul i gcomhairle leis na scoileanna maidir leis na bealaí ina bhféadfaí páirt a ghlacadh i gceiliúradh na hEocairiste ar an Domhnach. Seans go bhféadfaí ceol agus amhránaíocht a chur ar fáil i rith an cheiliúrtha, nó paidreacha ó ghuí an phobail a léamh.

Sa dara léacht, ó 1 Corantaigh 12:4-11, labhraítear faoi éagsúlacht na dtíolachtaí a bhronn an Spiorad orainn. Tá an léacht ón soiscéal ag tuar go mbeidh ceiliúradh na hEocairiste ag an bpósadh i gCána. (Eoin 2:1-11).

Tugann na sleachta spreagadh dúinn maidir le téamaí an bhuíochais, méid na dtíolachtaí a bhronn an Spiorad orainn, an glao a chuirtear romhainn a bheith beo beathach i gCríost, nádúr ionchuimsitheach Chríost, agus luach bunúsach an duine aonair agus an tallann a bhronntar orainn. Réitíonn na téamaí seo go maith leis an misean atá i gcroílár an oideachais ar scoil: *educare*, an rud atá taobh istigh a bhaint amach, nádúr naofa an anama a aimsiú



## Ceiliúradh na hEocairiste

### Fáiltiú

Is é téama Sheachtain na Scoileanna Caitliceacha 2025 ná **Scoileanna Caitliceacha: Beo i gCríost**. Is áiteanna iad na scoileanna Caitliceacha seo againne ina gcuirimid an creideamh i bhfeidhm tríd an bhfreastal a chur ar fáil dá chéile ar bhealach cuimsitheach, dóchasach, luchtáireach, toisc go gcreidimid gur tíolacadh ó Dhia gach aon duine againn. Cuirimid fáilte anseo roimh an uile dhuine agaibh, atá bainteach le scoileanna an pharóiste, agus gabhaimid buíochas le Dia as an ngrásta a thagann ó na scoileanna sin a bheith sa pharóiste againn.

### Mórshiúl Tosaigh

Cuir áit ar fáil ina gcuirfear fáilte roimh na siombailí a iomprófar sa mhórshiúl. Bíodh scaraid ghlas ann a chuirfidh an Tráth Saor i gcumhne dúinn, agus an fás leanúnach a tharlaíonn i scoileanna an pharóiste.

Is féidir siombailí mar seo a úsáid leis an bhfreastal atá á cheiliúradh i rith Sheachtain na Scoileanna Caitliceacha 2024 a chur in iúl:

- Suaitheantas na scoile.
- Grianghraf a léiríonn slua cairde lena chéile.
- Téacs an oideachais reiligiúnaigh mar léiriú ar luachanna an tsoiscéil agus an fhreastail á fhoghlaim.
- An Brat Glas nó planda mar léiriú ar aire a thabhairt don timpeallacht.
- An chros chéasta a léiríonn íobairt Chríost dúinne, agus an glao a chuirtear orainne íobairt a dhéanamh agus muid ag iarraidh maireachtáil de réir mar a mhair Críost.

### Ceol agus Amhránaíocht

D'fhéadfadh grúpa daltaí nó duine aonair iomann a chanadh ag tús an tsearmanais, nó nuair a chuirtear na bronntanais i láthair.

### Liotúirge an Bhriathair

Tá na léachtaí, guí an phobail agus an uile rud eile don Dara Domhnach Saor ar fáil as Gaeilge in eagrán Nollaig/Eanáir de *Intercom*.

Toisc gur ceiliúradh Aifreann an Domhnaigh sa pharóiste atá anseo, ba cheart go ndéanfadh pé Ministir an Bhriathair a ainmníodh don Domhnach seo, an léitheoireacht. Tugann a leithéid le fios dúinn go gcothaítear cách trí Eocairist an Domhnaigh le gur féidir linn dul ar ais abhaile agus ar scoil agus leanúint le luachanna an tsoiscéil a chraobhscaoileadh. Ba cheart go luafaí na scoileanna Caitliceacha agus a gcuid oibre i nGuí an Phobail. D'fhéadfaí ceist a chur ar an aos óg na paidreacha a chumadh agus a léamh.

### Ullmhú na hAltóra agus Ofráil na mBronntanas

D'fhéadfadh ionadaithe an phobail ón scoil, ó bhaile agus ón bparóiste an altóir a ullmhú agus an fíon is an t-arán a thabhairt aníos mar ofráil. Comhartha aitheanta a bheadh ann gur gá go mbeadh na trí ghrúpaí ag comhoibriú go dlúth lena chéile, le bheith mar fhinnéithe ar luachanna an tsoiscéil, a spreagann mar bhaill na hEaglaise muid.

### Fáiltiú

D'fhéadfadh ionadaithe ón scoil sin agaibhse fáilte a chur roimh an gcuallacht ag doras an tséipéil agus bileoga Aifrinn agus focail na n-iomann a bhronnadh orthu. Is í an chumarsáid duine le duine atá mar bhunchloch an phobail, agus mar bhunchloch an pharóiste ach go háirithe.



## Nuachtlitir an Pharóiste

Bí cinnte faoi Sheachtain na Scoileanna Caitliceacha a phoibliú i measc an phobail leathain, trí nóta a chur i nuachtlitir an pharóiste. Luaigh na himeachtaí sainiúla a bheadh beartaithe don pharóiste. Is féidir téacs mar seo a úsáid:

Ar an Domhnach, 19 Eanáir, cuirfear tús le Seachtain na Scoileanna Caitliceacha 2025. Déanfar ceiliúradh i rith na seachtaine seo ar an ionchur uathúil a dhéanann na scoileanna Caitliceacha i measc an phobail. Is é téama na bliana seo ná **Scoileanna Caitliceacha: Beo i gCríost**. Beidh an paróiste seo againne ag glacadh páirte trí ...

## Ionad Fógraíochta

Téigh i gcomhar leis na scoileanna le clár fógraíochta a chruthú a thabharfaidh léargas ar obair uathúil agus ar shainiúlacht na scoileanna éagsúla sa pharóiste.

## An Chomhairle Thréadach

Luaigh Seachtain na Scoileanna Caitliceacha leis an gcomhairle thréadach agus iarr orthu an bealach is fearr ina bhféadfaí í a cheiliúradh sa pharóiste a rá. Tá alt faoi conas mar is féidir leis na scoileanna cabhrú le tógáil an phobail, le sonrú i *Share the Good News: National Directory for Catechesis*. D'fhéadfadh a leithéid tús a chur le díospóireacht faoi ról na scoileanna Caitliceacha agus faoi conas mar a d'fhéadfadh an pobal creidimh, tacú leo ar bhealach feabhsaithe. Téadh an séiplíneach/ionadaí an pharóiste ar cuirt chuig an méid seomraí ranga agus is féidir i rith na seachtaine. D'fhéadfaí aird a tharraingt ar na deiseanna ar fad atá ann le go bhféadfadh an t-aos óg, na teaghlaigh is na scoileanna, a bheith níos gníomhaí ag obair as lámha a chéile sa pharóiste.

